

## Acht na dTeangacha 2003

### Scéim Teanga

### Institiúid Oideachais Marino

**2019-2022**

## Clár na nÁbhar

1.	Caibidil 1: Réamhrá .....	4
1.1.	Réamhrá .....	4
1.2.	Ullmhú & abhár na Scéime.....	4
1.3.	Dáta tosaithe na Scéime.....	5
2.	Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Institiúid Oideachais Marino.....	6
2.1.	Misean agus Fís .....	6
2.2.	Ráiteas Misin IOM .....	6
2.3.	Fís IOM.....	6
2.4.	Treoirphrionsabail IOM .....	7
2.5.	Custaiméirí agus cliaint .....	8
2.6.	Coiste na Gaeilge.....	8
2.7.	Príomhfheidhmeanna: .....	8
2.8.	Príomhsheirbhísí .....	9
i.	Oideachas agus Taighde.....	9
ii.	Tacaíochtaí Aistriúcháin agus Profála .....	9
3.	Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí.....	11
3.1.	Sonraí Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach.....	11
3.2.	Seirbhísí do mhic léinn IOM .....	13
i.	Díríonn an scéim seo ar na háiteanna a mbíonn teagmháil rialta ag mic léinn na hInstitiúide leo. ....	13

ii.	Tacaíochtaí atá ar fáil do mhic léinn ar mian leo socrúchán scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge: .....	15
3.3.	Seirbhísí Acadúla arna soláthar trí mheán na Gaeilge .....	17
i.	An Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge .....	17
ii.	An Baitsiléir san Oideachas agus an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas .....	17
iii.	An Cháilíocht sa Ghaeilge .....	18
4.	Caibidil 4: Seirbhísí a fheabhsú .....	19
4.1.	Seirbhísí a fheabhsú san Institiúid.....	19
4.2.	Seirbhísí a fheabhsú do bhaill foirne na hInstitiúide.....	24
i.	Seirbhísí don Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge don fhoireann .....	26
4.3.	Seirbhísí a fheabhsú do Mhic Léinn na hInstitiúide .....	28
4.4.	Seirbhísí a fheabhsú do Mhic Léinn agus Foireann na hInstitiúide.....	30
5.	Caibidil 5: Ag feabhsú inniúlachta sa Ghaeilge .....	31
5.1.	Earcaíocht.....	31
5.2.	Oiliúint agus Forbairt.....	31
5.3.	Gealltanais a bheith críochnaithe roimh dheireadh na Scéime:.....	31
6.	Caibidil 6: Monatóireacht agus athbhreithniú.....	32
7.	Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe .....	33

## 1. Caibidil 1: Réamhrá

### 1.1. Réamhrá

Is de réir Cuid 11 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 a chuir Institiúid Oideachais Marino an Scéim seo le chéile.

Forálann Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 d'ullmhú scéim teanga ag comhlachtaí poiblí ag tabhairt mionsonraí faoi na seirbhísí a sholáthróidh siad trí mheán na Gaeilge, trí mheán an Bhéarla, agus trí mheán na Gaeilge agus an Bhéarla. Forálann sé freisin a bhfuil beartaithe ag an eagraíocht lena chinntiú go soláthrófar chomh fada agus is féidir - laistigh de thréimhse ar leith ama - trí mheán na Gaeilge, aon seirbhís nach bhfuil ar fáil go fóill trí mheán na Gaeilge.

De réir alt 14(3) den Acht, fanann scéimeanna teanga i bhfeidhm ar feadh tréimhse 3 bliana nó go mbeidh scéim nua daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta, cibé acu is déanaí.

Le linn na scéime seo, tá sé i gceist ag Institiúid Oideachais Marino, seirbhísí Gaeilge a fheabhsú, trí Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus ár scéim féin a chur i bhfeidhm. Tá sé mar sprioc ag an Institiúid, méadú a dhéanamh ar an líon imeachtaí poiblí Gaeilge a eagraítear ar an gcampas chomh maith le méadú a dhéanamh ar an líon ball foirne a fhaigheann cáilíocht sa Ghaeilge agus a ghlacann páirt sna ranganna agus imeachtaí Gaeilge a bhíonn ar fáil dóibh san Institiúid féin. Beidh sé mar sprioc ag an Institiúid níos mó seirbhísí trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil ar an gCampas do mhic léinn agus do bhaill foirne a éilíonn na seirbhísí.

### 1.2. Ullmhú & abhár na Scéime

Dreacthaíodh an Scéim seo i gcomhréir leis na treoirínte atá leagtha amach ag Alt 12 d'Acht na dTeangacha Oifigiúla ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta.

Tá Institiúid Oideachais Marino á treorú ag an bprionsabal gur cheart go mbeadh seirbhísí Gaeilge bunaithe ar an léibhéal bunúsach éilimh atá ar sheirbhísí ar leith i nGaeilge san Institiúid, ar an tábhacht a bhaineann le cur chuige réamhghníomhach i soláthar seirbhísí dá leithéid agus ar acmhainní, lena n-áirítear acmhainní daonna agus airgeadais, agus cumas an chomhlachta an cumas riachtanach teanga a fhorbairt nó a rochtain.

Comhlánaíonn an scéim seo prionsabail a bhaineann le Seirbhís ar Ardchaighdeán do Chustaiméirí. Tá sí curtha le chéile leis an aidhm go gcomhlíonfaí gach oibleagáid ábhartha faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 atá ar Institiúid Oideachais Marino a chomhlíonadh ar bhonn céimnithe.

### 1.3. Dáta tosaithe na Scéime

Tá an Scéim seo daingnithe ag an Aire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta. Beidh feidhm leis an scéim seo ó 09 M. Fómhair 2019 agus beidh sí i bhfeidhm ar feadh trí bliana ón dáta seo nó go dtí go ndaingnítear scéim nua, cibé acu is déanaí.

## **2. Caibidil 2: Léargas Ginearálta ar Institiúid Oideachais Marino**

### 2.1. Misean agus Fís

Is institiúid teagaisc, foghlama agus taighde é MIE atá tiomanta don ionchuimsitheacht agus don bharr feabhais san oideachas a chur chun cinn. Táimid ag plé le hoideachas le fada an lá, ag dul siar céad bliain.

### 2.2. Ráiteas Misin IOM

Tá dínit agus cumas gach duine ina ngnéithe lárnacha den saol, den obair agus den tseirbhís in Institiúid Oideachais Marino. Cuirtear luach ar na nithe seo a leanas:

Pearsa agus luacha Éamainn Rís, go háirithe an fhís a bhí aige d’oideachas a mbainfeadh ionchuimsitheacht agus saoirse leis; an mac léinn a fhorbairt mar ghairmí lách díograiseach; meas a bheith againn ar thraidisiúin chultúrtha agus teanga na hÉireann chomh maith le bheith inár mbaill de phobal an domhain; timpeallacht oibre a mbaineann meas ar a chéile, cumarsáid oscailte, freagracht, ceannaireacht éifeachtach agus comhoibriú léi.

### 2.3. Fís IOM

Beidh IOM ina lárionad de thábhacht dhomhanda ó thaobh teagaisc agus taighde sa réimse oideachais. Trí chomhoibriú agus trí theicneolaíocht, déanfaimid ár dteorainneacha tíreolaíochta a fhairsingiú agus cruthóimid fuinneamh do sholáthar clár oideachais nuálach ardchaighdeáin. Cruthóimid tairseach chriticiúil le haghaidh taighde den chéad scoth i gcomhpháirt le daoine eile agus cothóimid naisc idir institiúidí oideachais, ollscoileanna, scoileanna agus an pobal a chuirfidh le feabhas inbhuanaithe agus athnuachan ar fud an chórais oideachais ar fad.

Méadóimid ár dtiomantas agus ár saineolas maidir le réimse na hionchuimsitheachta trí thaighde a dhéanamh agus trí chláir oideachais a chur ar fáil a thabharfaidh cumhacht dóibh siúd atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta. Beimid ar thús cadhnaíochta ó thaobh an phlé náisiúnta agus idirnáisiúnta ar na deiseanna agus ar na dúshláin a bhaineann le hiolrachas agus le héagsúlacht i suíomhanna oideachais go háirithe i gcomhthéacs na hearnála Lán-Ghaeilge.

#### 2.4. Treoirphrionsabail IOM

Tá ár seacht dTreoirphrionsabal mar dhúshraith faoi gach gné dár bhforbairt mar institiúid:

1. Bheith éacúiméineach agus meas a léiriú ar phobal gach creidimh.
2. Oideachas múinteoirí láidir a chur ar fáil.
3. Tacú le misean an oideachais Chaitlicigh tríd an éiteas sin a léiriú agus trí shamhailteacha a mholadh chun é a chur i bhfeidhm
4. Cláir oideachais a chur ar fáil a spreagann agus a chumasaíonn daoine bochta agus daoine faoi mhíbhuntáiste
5. Pobal foghlama a thógáil atá bunaithe ar an duine, a léiríonn meas ar éagsúlachtaí aonair agus a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíbhuntáiste air.
6. Cabhrú le tuismitheoirí na freagrachtaí a bhaineann lena ról mar oideachasóirí a chomhlíonadh.
7. Meas a léiriú orthu siúd atá ar thóir na fírinne agus a gceart dul sa tóir ar eolas nua, is cuma cén toradh a bheidh air, a chosaint.

Is ionann na Treoirphrionsabail seo agus bunús ár gcomhiontaobhachta le Coláiste na Tríonóide, agus cuireann luacha Éamainn Rís Bheannaithe bonn eolais fúthu, go háirithe an fhís a bhí aige d'oideachas a mbainfeadh ionchuimsitheacht agus saoirse leis. I gcomhthéacs na hionchuimsitheachta agus oideachais do mhúinteoirí, tá tábhacht ar leith ag baint leis an nGaeilge i Marino. Ag bronnadh na gcéimeanna bronntar duais don chéad áit sa Ghaeilge ar an mBaitsiléir san Oideachas agus bronntar Gradam na Gaeilge ar an mac léinn is mó a

chuireann an Ghaeilge chun cinn i measc na mac léinn. Baineann an tiomantas seo don Ghaeilge le hoidhreacht na mBráithre Críostaí agus le traidisiún Marino. Caithfear freastal ar mhic léinn ar mian leo a ngnó a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Caithfear freastal a dhéanamh freisin ar mhic léinn ar mian leo socrúchán scoile/oibre a dhéanamh trí mheán na Gaeilge i scoileanna Lán-Ghaeilge, i scoileanna Gaeltachta nó in aon suíomh oibre eile. Tá impleachtaí ó thaobh eagair, pearsanra agus acmhainní ag na riachtanais sin.

## 2.5. Custaiméirí agus cliaint

Tá idir chustaiméirí inmheánacha (foireann agus mic léinn na hInstitiúide) agus chustaiméirí seachtracha (an pobal níos leithne) ag an Institiúid, eagraíochtaí oideachais, eagraíochtaí Gaeilge, eagraíochtaí a bhaineann leis an oideachas trí mheán na Gaeilge agus lucht labhartha na Gaeilge i gcoitinne ón bpobal. Tá sé de chuspóir ag Institiúid Oideachais Marino freastal ar phobal na Gaeilge agus campas eiseamláireach dátheangach a chruthú.

## 2.6. Coiste na Gaeilge

Is é príomhghnó Choiste na Gaeilge féachaint chuige go bhfuil gach iarracht á déanamh an Scéim Teanga a chur i bhfeidhm agus athbhreithniú a dhéanamh ar an Scéim gach trí bliana. Is é seo a leanas comhdhéanamh Choiste na Gaeilge: an tUachtarán, Oifigeach na Gaeilge, Ceann Roinn na Gaeilge, Bainisteoir an Ionaid Chomhdhála, ionadaí deonach ón bhfoireann agus ionadaí ó Aontas na Mac Léinn.

## 2.7. Príomhfheidhmeanna:

Is Institiúid teagaisc, foghlama agus taighde é IOM atá tiomanta don ionchuimsitheacht agus don bharr feabhais san oideachas a chur chun cinn. Cuirtear cláir oideachais mhúinteoirí ar fáil ag an leibhéal fochéime agus ag an leibhéal iarchéime, cláir oideachais san oideachas i



gcoitinne ag an leibhéal fochéime agus iarchéime, agus cláir bhreiseoideachais. Is ar champas Institiúid Oideachais Marino a thugtar Clár Fundúireachta Choláiste na Tríonóide. Tá Institiúid Oideachais Marino freagrach as an gCáilíocht sa Ghaeilge. Tá oifigí Gaeloideachas ar champas Marino. Ligtear seomraí amach ar cíós d’eagraíochtaí oideachais agus d’eagraíochtaí Gaeilge ar mian leo cruinnithe a reáchtáil agus cuirtear seirbhísí teicneolaíochta agus lónadóireachta ar fáil dóibh.

## 2.8. Príomhsheirbhísí

### i. Oideachas agus Taighde

Chomh maith leis an réimse de chláir oideachais a chuirtear ar fáil san Institiúid, déanann na léachtóirí a bhíonn ag teagasc ar na cláir sin agus na mic léinn a bhíonn á dteagasc acu, taighde i réimse d’ábhair. Bíonn deiseanna ag mic léinn foghlaim agus treoir a fháil ó léachtóirí atá ina dtaighdeoirí agus ina scoláirí a bhfuil cáil náisiúnta agus idirnáisiúnta orthu. Baineann cuid mhaith den taighde sin leis an nGaeilge, le litríocht na Gaeilge, leis an teangeolaíocht, le múineadh agus foghlaim teangacha, leis an tumoideachas agus leis an oideachas trí mheán na Gaeilge. Beidh céim nua, Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge ag tosú in Institiúid Oideachais Marino i Meán Fómhair, 2019. Beidh an chéim seo oiriúnach do scoláirí a bhfuil spéis acu múineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna Lán-Ghaeilge.

### ii. Tacaíochtaí Aistriúcháin agus Profála

Is í an Ghaeilge ceann de phríomhtheangacha cumarsáide na hInstitiúide agus cuirtear fáilte roimh mhic léinn, bhaill foirne, agus chuariteoirí feidhmiú trí Ghaeilge. Spreagtar baill foirne agus riaracháin chun ábhair a chur ar fáil go dátheangach, lena n-áirítear comharthaíocht, tuarascálacha, áiseanna teagaisc agus araile. Tugtar tacaíocht do phobal na hInstitiúide ábhar ilchineálach a chur ar fáil go dátheangach tríd an tseirbhís aistriúcháin agus phrofála

atá san Institiúid. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an bpríomhaistritheoir chun an t-ábhar a phlé agus chun sceideal ama a chinntiú.

### 3. Caibidil 3: Sonraí Seirbhísí

#### 3.1. Sonraí Seirbhísí atá ar fáil i nGaeilge amháin nó go dátheangach

Is iad seo a leanas na seirbhísí atá ar fáil tráth scríofa na scéime seo (Mí na Samhna 2018) go dátheangach in oifigí na seirbhísí tacaíochta san Institiúid.

Seirbhísí tacaíochta na hInstitiúide	Seirbhís le fáil go dátheangach
Oifig an Uachtaráin	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Oifig an Chláraitheora	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Oifig Iontrála	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Oifig Chomhdhála agus Áiseanna	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Seirbhísí Aistriúcháin	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí

	Bhéarla
Oifig Fáilte	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Oifig Tacaíochta na Mac Léinn	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Oifig an tSocrúcháin Scoile	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
An Oifig Ghaeilge agus Mhargaíochta	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
An Leabharlann	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla
Aontas na Mac Léinn (Déanann Oifigigh na Gaeilge in Aontas na Mac Léinn éascú ar sheirbhís trí Ghaeilge a chur ar fáil do mhic léinn)	Seirbhís le fáil trí Ghaeilge agus trí Bhéarla

### 3.2. Seirbhísí do mhic léinn IOM

- i. Díríonn an scéim seo ar na háiteanna a mbíonn teagmháil rialta ag mic léinn na hInstitiúide leo.

- a. Scéim Chónaitheach Ghaeilge

Sna hárasáin ar champas na hInstitiúide beidh 'Bloc Gaeilge' ar fáil do mhic léinn a bheidh ag freastal ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a bheidh ag tosú san Institiúid i Mí Mheán Fómhair, 2019. Beidh mic léinn na Chéad Bhliana in ann úsáid a bhaint as na sparánachtaí a gheobhaidh siad chun cabhrú leo costas an lóistín sin a íoc agus mar chúiteamh ar na sparánachtaí sin comhoibriú leis an Oifigeach Gaeilge an Ghaeilge a chur chun cinn i measc na mac léinn go háirithe.

- b. An Leabharlann

Tá seirbhís dátheangach ar fáil ag deasc freastail na leabharlainne. Féachtar chuige go gcuirtear dóthain cóipeanna ar fáil d'aon leabhair i nGaeilge a bhíonn ar liostaí léitheoireachta na mac léinn. Feachtar chuige chomh maith go gcuirtear dóthain cóipeanna ar fáil de théacsleabhair Ghaeilge a bhíonn ag teastáil ó na mic léinn agus a bhíonn in úsáid acu ar Shocrúchan Scoile chomh maith le leaganacha Gaeilge de leabhair sna hábhair churaclaim éagsúla. Cuireann foireann na leabharlainne ar fáil na leabhair agus na hait a bhíonn ag teastáil uathu siúd a bhíonn i mbun taighde.

- c. Comharthaíocht ar an gCampas

Maidir le comharthaíocht, tuigeann an Institiúid an tábhacht a bhaineann le comhlíontacht agus tá comharthaí dátheangacha san Institiúid ar fud an champais sna cásanna seo a leanas: pairceáil, oifigí, comharthaí doirse (brú/tarraing), teideal selabhóirí na n-oifigí, áiteanna éagsúla ar fud an champais (an Oifig Fáilte, an Amharclann, an Bhialann agus

araile). Nuair a bhíonn comhartha nua á chur suas féachann an Institiúid chuige go gcuirtear leagan Gaeilge den chomhartha suas freisin. Grúpaí ón taobh amuigh a bhfuil baint acu leis an nGaeilge agus a thógann seomraí ar cíós le haghaidh cruinnithe, féachtar chuige gur fógra i nGaeilge a chuirtear ar dhoras an tseomra sin agus ar an mbord sa bhialann a bhíonn curtha in áirithe ag an ngrúpa.

d. Oifig an Chláraitheora agus Eolas do Mhic Léinn

Na gnáthfhoirmeacha ó oifig an Chláraitheora a bhíonn le comhlánú ag mic léinn, cuirtear leaganacha Gaeilge díobh ar fáil. Is féidir le mac léinn clárú i nGaeilge, seoladh a thabhairt i nGaeilge, cárta aitheantais as Gaeilge a fháil, torthaí a fháil as Gaeilge agus Gaeilge a úsáid nuair a bhíonn ar an mac léinn cumarsáid a dhéanamh le duine éigin ó Oifig an Chláraitheora.

e. Cumann Gaelach

Is é an eagraíocht atá ag na mic léinn chun an Ghaeilge a chur chun cinn ina measc féin ná an Cumann Gaelach. Bíonn beirt Oifigeach Gaeilge i gcónaí ar Aontas na Mac Léinn agus is iadsan a bhíonn i gceannas ar an gCumann Gaelach. Cuireann an Institiúid airgead ar fáil d'Aontas na Mac Léinn agus cuireann Aontas na Mac Léinn airgead ar fáil don Chumann Gaelach chun an costas a bhaineann leis na himeachtaí a eagraíonn an Cumann Gaelach a chlúdach. Déanann Roinn na Gaeilge éascaíocht don Chumann Gaelach maidir le spreagadh, treoir agus cabhair a thabhairt dóibh. Tugann Ceann Roinn na Gaeilge turas treoraithe ar an DART ó Bhinn Éadair go Bré gach bliain don Chumann Gaelach. I measc na n-imeachtaí a eagraíonn an Cumann Gaelach féin tá Céilí na Samhna, Seachtain na Gaeilge agus Lá na nGeansaithe. I gcomhpháirt leis an gCumann Ceoil Traidisiúnta eagraítear seisiúin cheoil go rialta. Ag teacht le Ráiteas Misin na hInstitiúide, déanann an Cumann Gaelach ceiliúradh ar thraidisiúin chultúrtha agus teanga na hÉireann chomh maith le meas a léiriú ar thraidisiúin agus ar theangacha eile a bhíonn le brath agus le cloisteáil i Marino an lae inniu.

ii. Tacaíochtaí atá ar fáil do mhic léinn ar mian leo socrúchán scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge:

a. Tacaíochtaí maidir le pleanáil trí mheán na Gaeilge

Mic léinn a léiríonn go bhfuil spéis acu i socrúchán scoile a dhéanamh trí mheán na Gaeilge, tugtar gach tacaíocht dóibh. Aimsítear scoileanna dóibh agus insítear dóibh na tacaíochtaí a chuireann an Institiúid ar fáil. Tá cúrsa ar Moodle spríocdhírthe ar mhúineadh trí mheán na Gaeilge. Ar an gcúrsa seo, tá na riachtanais phleanála ar fad ar fáil trí Ghaeilge, mar shampla, An Cur Chuige de réir Téamaí don Phleanáil. Is féidir le mic léinn ceisteanna a chur ar an bhfóram agus smaointe a roinnt ann. Tá pleananna ceachta, scéimeanna, teimpléid agus cluichí samplacha ar fáil as Gaeilge sna hábhair seo a leanas: Matamaitic, Ceol, Drámaíocht, na hAmharcealaíona, Corpoideachas, Oideachas Sóisialta Imshaoil agus Eolaíochta (OSIE), Reiligiún. Cuireann Rannóg an tSocrúcháin Scoile samplaí d'fhillteáin phleanála as Gaeilge ar fáil do mhic léinn roimh Shocrúchán Scoile.

Tá na háiseanna seo a leanas ar fáil as Gaeilge freisin: tacsanomaíocht de bhriathra cuí ar fáil maidir le scríobh na gcuspóirí; samplaí de nathanna cainte úsáideacha maidir le scríobh na meastóireachtaí; doiciméad dátheangach leis na snáitheanna, na snáithaonaid agus na scileanna cuí i ngach ábhar; póstaer agus fógraíocht don seomra ranga (mar shampla , Táimid ag Foghlaim Conas... An Rud atá Uaim ná...), na treoirlínte maidir le socrúchán scoile; treoirlínte don dialann mhachnamhach do shocrúchán scoile, príomhfhoilseacháin don seomra ranga, mar shampla, Aistear; agus eolas maidir le scoláireachtaí socrúchán scoile a dhéanamh sa Ghaeltacht. Tá naisc ar fáil freisin chuig suíomhanna idirlín ar a bhfuil pleananna ceachta samplacha, treoirlínte agus smaointe don seomra ranga, mar shampla, TG4, CNCM. Tá na doiciméid churaclaim ar fáil i mBéarla agus i nGaeilge i bhformhór na seomraí léachta. Sa tseachtain ullmhúcháin roimh shocrúchán scoile, cuirtear seisiúin phleanála ar fáil do mhic léinn a bheidh ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Is féidir le mac léinn aonair chomh maith seisiún comhairle a eagrú le linn na seachtaine céanna. Bíonn deis

ag mic léinn leabhair agus áiseanna cuí a thógáil ar iasacht ó Sheomra na Gaeilge roimh an socrúchán scoile.

b. Tacaíochtaí maidir le cruinnscriobh na Gaeilge

Tá naisc ar fáil ar Moodle chuig neart suíomhanna idirlín a chabhróidh le cruinnscriobh na Gaeilge (mar shampla, [www.focal.ie](http://www.focal.ie), an foclóir beag, [www.potaafocal.com](http://www.potaafocal.com)). Tá ceadúnas Gaelspell ag an gcoláiste agus tá rochtain ag mic léinn ar na bogearraí seo agus iad ar champas.

c. Tacaíochtaí le linn socrúchán scoile

Tá cianrochtain ag mic léinn agus iad ar shocrúchán scoile ar PowerPoint inste a phléann leis na míreanna gramadaí a bheidh in úsáid acu sa seomra ranga. Tá deis acu trí ríomhphost ceisteanna gramadaí a chur le linn socrúchán scoile maidir le ceapadh nó dearadh áiseanna. Cuirtear cláir thacaíochta ar fáil as Gaeilge (mar shampla, an clár meantóireachta agus an clár saibhriúcháin múinteoireachta).

d. Tacaíochtaí i rith na bliana acadúla

I rith na bliana is féidir le léachtóirí sna hábhair churaclaim éagsúla cúnamh a lorg ó sheirbhís aistriúcháin na hInstitiúide chun leaganacha Gaeilge de nótaí a ullmhú do mhic léinn a bheidh ag múineadh trí mheán na Gaeilge. Tógann gach mac léinn sa Dara Bliain ar an mBaitsiléir san Oideachas agus ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas an modúl, “Ag Múineadh Trí Mheán na Gaeilge”. Mar chuid den mhodúl seo foghlaimíonn na mic léinn faoi na nithe seo a leanas: stair na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn, tionchar Phádraig Mhic Phiarais, bunú an Stáit, na Coláistí Ullmhúcháin, borradh faoin oideachas Lán-Ghaeilge, dúshláin agus conspóidí reatha san earnáil Lán-Ghaeilge. Mar chuid den mhodúl tugann gach mac léinn cuairt ar scoil Lán-Ghaeilge chun príomhoide na scoile a chur faoi agallamh.



### 3.3. Seirbhísí Acadúla arna soláthar trí mheán na Gaeilge

#### i. An Baitsiléir san Oideachas trí Mheán na Gaeilge

Is céim nua é an Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a bheidh ag tosú in Institiúid Oideachais Marino i Meán Fómhair, 2019. Beidh an chéim seo oiriúnach do scoláirí a bhfuil spéis acu ina bheith ag múineadh trí mheán na Gaeilge i scoileanna Gaeltachta nó i scoileanna Lán-Ghaeilge. Mar chuid den Bhaitiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge (Bunmhúinteoireacht) beidh ar gach mac léinn Tréimhsí Foghlama coicíse a dhéanamh sa Ghaeltacht um Cháisc sa Chéad Bhliain agus sa Dara Bliain. Íocfaidh na mic léinn na táill do na Tréimhsí Foghlama sa Ghaeltacht díreach chuig an gColáiste Gaeltachta. Sa Tríú Bliain, caithfidh siad seachtain sa Ghaeltacht ag tógáil codanna de mhodúil a bhainfidh leis an gcéim. Clúdóidh Institiúid Oideachais Marino an costas ar fad a bhaineann leis sin. Sa Cheathrú Bliain don Ardsocrúchán Scoile (deich seachtaine), beidh mic léinn ag cur fúthu sa Ghaeltacht agus ag obair i scoileanna Gaeltachta. Clúdóidh Institiúid Oideachais Marino an costas taistil agus cothaithe a bhaineann leis sin.

ii. An Baitsiléir san Oideachas agus an Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas Bíonn deiseanna ag mic léinn an tAgallamh Ginearálta don chomórtas don Mháistreacht Ghairmiúil san Oideachas a dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Mar chuid de chlár an Bhaitiléara san Oideachas trí Bhéarla agus de chlár na Máistreachta Gairmiúla san Oideachas, caithfidh mic léinn tréimhse coicíse sa Ghaeltacht sa Chéad Bhliain agus arís sa Dara Bliain chun feabhas a chur ar a gcuid Gaeilge agus chun eolas níos fearr a chur ar an gcultúr Gaelach. Tarlaíonn na Treimhsí Foghlama sin le linn na bliana acadúla – um Cháisc – agus le linn na dTréimhsí Foghlama bíonn ar na mic léinn “Fillteán Foghlama na Gaeltachta” a choinneáil agus a thaispeáint agus a phlé leis na scrúdaitheoirí cainte ag na scrúduithe cainte roimh an samhradh san Institiúid. Tógann gach mac léinn sa Dara Bliain ar an mBaitiléir san Oideachas agus ar an Máistreacht Ghairmiúil san Oideachas an modúl, “Ag

Múineadh Trí Mheán na Gaeilge". Mar chuid den mhodúl seo foghlaimíonn na mic léinn faoi na nithe seo a leanas: stair na Gaeilge sa chóras oideachais in Éirinn, tionchar Phádraig Mhic Phiarais, bunú an Stáit, na Coláistí Ullmhúcháin, borradh faoin oideachas Lán-Ghaeilge, dúshláin agus conspóidí reatha san earnáil Lán-Ghaeilge. Mar chuid den mhodúl tugann gach mac léinn cuairt ar scoil Lán-Ghaeilge chun príomhoide na scoile a chur faoi agallamh.

### iii. An Cháilíocht sa Ghaeilge

Cabhraíonn an Cháilíocht sa Ghaeilge in Institiúid Oideachais Marino le múinteoirí bunscoile a fhaigheann a gcuid oiliúna thar lear riachtanas na Gaeilge a shásamh chun a bheith go hiomlán cláraithe ("cláraithe gan choinníollacha") leis an gComhairle Múinteoireachta. Tá dhá bhealach ann inar féidir le hiarrthóirí an Cháilíocht sa Ghaeilge a bhaint amach. Is iad sin ná: an S.C.G. (An Scrúdú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge – Scrúdú) nó O.C.G. (Oiriúnú le hAghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge – Tréimhse Oiriúnaithe agus Measúnú).

#### 4. Caibidil 4: Seirbhísí a fheabhsú

Cloífidh Institiúid Oideachais Marino leis na forálacha atá leagtha amach sna táblaí thíos mar chuid d’Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003.

##### 4.1. Seirbhísí a fheabhsú san Institiúid

Seirbhísí san Institiúid	Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh Bhl.1/ Bhl. 2/ Bhl. 3
Comharthaí	<p>Beidh comharthaí uile a chuireann Institiúid Oideachais Marino in airde taobh istigh agus taobh amuigh de na foirgnimh ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p> <p>Gach preabsheastán a úsáidtear san Institiúid go ginearálta, le haghaidh seolta, ag laethanta oscailte agus ag laethanta gairmeacha, a bheith ar fáil go dátheangach seachas aon seastán a bheidh á úsáid don Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a bheidh i nGaeilge amháin nó aon seastán faoi leith ag na Laethanta Oscailte a dhéanfaidh cur síos ar na seirbhísí Gaeilge uile atá ar fáil san Institiúid.</p> <p>Cártaí aitheantais do chuairoteoirí le bheith ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.</p>	<p><b>De réir na reachtaíochta</b></p> <p><b>2</b></p>
Foilseacháin	Foilseofar go dátheangach Réamheolaire na	<b>De réir na reachtaíochta</b>

	<p>hInstitiúide, cáipéisí ina leagtar amach tograí polasaí poiblí, cuntais iniúchta, tuarascálacha bliantiúla agus Plean Straitéiseach na hInstitiúide.</p> <p>Leanfaidh IOM leis an gcóras ina bhfoilseofar preasráitis i nGaeilge agus i mBéarla. I gcás preasráiteas a eisítear do na meáin chumarsáide Ghaeilge amháin, is i nGaeilge amháin a eisítear iad sin.</p>	
Foirmeacha	Foilseofar go dátheangach ar líne, agus beidh cruachóipeanna dátheangacha ar fáil, de na foirmeacha is coitianta a bhíonn á n-iarraidh ag na mic léinn ó Oifig an Chláraitheora, agus mura mbíonn siad ar fáil chomh luath is féidir.	<b>1</b>
Bialann agus Caife	<p>Cuirfear biachlár sa bhialann ‘Blasta’ agus sa caife ‘Costa’ ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Cuirfear ceardlann ‘comhrá’ Gaeilge ar fáil do lucht na bialanne agus an chaife uair sa mhí dóibh siúd atá ag iarraidh freastal ar a leithéid.</p>	<p><b>1</b></p> <p><b>2</b></p>
Cumarsáid i scríbhinn	<p><b><u>Litreacha agus Post Leictreonach:</u></b></p> <p>Tabharfar freagra ar an gcumarsáid scríofa uile sa teanga oifigiúil ina bhfuarthas í.</p> <p>Seirbhísí foirmiúla comhfhreagartha a bheith dátheangach i bhfoirm litreach chuig gach cineál bunscoile agus iar-bhunscoile, chuig gach eagraíocht oideachais agus Ghaeilge.</p>	<b>De réir na reachtaíochta</b>

	<p>Beidh comhfhreagras chuig bunscoileanna Lán-Ghaeilge, chuig bunscoileanna Gaeltachta, chuig Gaelcholaistí agus chuig iar-bhunscoileanna Gaeltachta a bheith i nGaeilge amháin.</p>	
	<p><b><u>Stáiseanóireacht:</u></b></p> <p>Ceannteidil ar stáiseanóireacht áirithe ar a n-áirítear nóta-pháipéar, duillíní dea-mhéine, leatháin chlúdaigh facs, clúdaigh comhad agus fillteáin eile, lipéid agus clúdaigh litreach a chur ar fáil i nGaeilge nó go dátheangach.</p>	<p><b>De réir na reachtaíochta</b></p>
<p>Cumarsáid ó Bhéal</p>	<p>Gheofar seirbhís Ghaeilge ó: Rannóg na Gaeilge/Oifigeach Gaeilge.</p> <p>Cuirfidh na hoifigí / ranna seo a leanas seirbhís Ghaeilge ar fáil: Oifig an Uachtaráin, Oifig an Chláraitheora, An Oifig Iontrála, an Leabharlann, Seirbhísí na Mac Léinn - Aontas na Mac Léinn: Oifigh na Gaeilge.</p> <p>Cuirfidh Ranna/Oifigí áirithe eile seirbhís Ghaeilge ar fáil ag brath ar an bhfoireann chuí a bheith ar fáil.</p> <p>Beidh oifigí riaracháin in ann beannú do chustaiméirí i nGaeilge agus i mBéarla agus beidh a fhios acu le cé leis ar féidir leo na cuistaiméirí a chur i dteagmháil gan mhoill le cibé oifigeach atá freagrach as an tseirbhís a</p>	<p><b>1</b></p> <p><b>2</b></p> <p><b>1</b></p>

	bhítear á lorg trí Ghaeilge.	
An Ghaeltacht	<b><u>Logainmneacha Gaeltachta:</u></b> Bainfear úsáid as Logainmneacha Oifigiúla na gceantar Gaeltachta de réir na reachtaíochta.	<b>Ó thús na Scéime</b>
Margaíocht	Feachtas Margaíochta Gaeilge a réachtáil san Institiúid go bliantúil atá dírithe ar an nGaeilge a chur chun cinn san Institiúid agus sa phobal i gcoitinne.  Chomh maith leis an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge a chur chun cinn, beidh an tOifigeach Margaíochta ag iarraidh an Ghaeilge a chur chun cinn i gcoitinne san Institiúid.	<b>1</b>
Oíche Chultúrtha	Cuirfidh an Institiúid Oíche Chultúrtha ar bun chuile bhliain ag deireadh Mhí Mheán Fómhair. Beidh an Oíche Chultúrtha ina sárthaispeántas ó mhic léinn agus ón bhfoireann de thallanna, de theangacha agus de chultúir éagsúla na hInstitiúide, ina measc, na tallanna Gaelacha, an cultúr Gaelach agus an Ghaeilge.	<b>1</b>

Na Meáin	<p>Tiomsófar agus coimeádfar liosta de bhaill na hInstitiúide atá in ann agus sásta déileáil leis na meáin Ghaeilge.</p> <p>Painéal a chur le chéile de chainteoirí Gaeilge a beadh ar fáil chun agallaimh a dhéanamh leis na meáin Ghaeilge.</p>	<p><b>1</b></p> <p><b>1</b></p>
Na Meáin Shóisialta	<p><b><u>Suíomh na hInstitiúide:</u></b></p> <p>Cuirfear leagan Gaeilge den suíomh gréasáin ar fáil, go háirithe an leathanach eolais cúlra dar teideal ‘Mar gheall orainne’, Stair na hInstitiúide, Beannacht agus Fáilte ón Uachtarán.</p> <p>Is i nGaeilge amháin ar an suíomh gréasáin a bheidh Acht na dTeangacha Oifigiúla.</p>	<p><b>1</b></p>
	<p><b><u>Moodle</u></b></p> <p>Cuirfear leagan Gaeilge den ardán foghlama Moodle ar fáil: le teachtaireacht fáilte i nGaeilge; agus i nGaeilge amháin na nótaí don Ghaeilge, do Mhúineadh na Gaeilge, do Ag Múineadh Trí Mheán na Gaeilge, do na hábhair churaclaim éagsúla (an oiread agus is féidir) agus don Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge.</p>	<p><b>2</b></p>
	<p><b><u>Leathnach Instagram na hInstitiúide:</u></b></p> <p>Rithfear Leathnach Oifigiúil Instagram IOM trí</p>	

	mheán na Gaeilge amháin ach beidh fáilte roimh dhaltaí teagmháil a dhéanamh trí Bhéarla chomh maith.	<b>1</b>
	<b><u>Cuntas Twitter na hInstitiúide:</u></b> Tá réimse de chuntais Twitter ag na ranna éagsúla san Institiúid. Beidh Gaeilge agus Béarla á n-úsáid ar chuntas oifigiúil Twitter Marino, ach beidh cuntas an Bhaisiléara san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge á reáchtáil trí Ghaeilge amháin.	<b>1</b>

#### 4.2. Seirbhísí a fheabhsú do bhaill foirne na hInstitiúide

Seirbhísí	Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh Bhl.1/ Bhl. 2/ Bhl. 3
Ranganna Gaeilge	Léibhéil inniúlachta na foirne a áireamh agus láithreach/líonraí teanga a aithint.	<b>1</b>
	Baill foirne a bheith ag freastal ar ranganna Gaeilge agus tabharfar cúnamh do bhaill foirne ar mian leo freastal ar na ranganna sin.	<b>2</b>
	Baill foirne a bheith in ann tabhairt faoi cháilíochtaí sa Ghaeilge.	<b>3</b>



Grúpa Comhrá Gaeilge	'Pop Up Gaeltacht' a bheith ar bun sa seomra foirne chuile Chéadaoin. Deis neamhfhoirmiúil a bheidh anseo chun Gaeilge a labhairt le comhghleacaithe.	<b>1</b>
Ceardlann/Caint le Gaeilge le linn Sheachtain na Gaeilge	Ceardlann Ghaeilge a chur ar fáil le linn Sheachtain na Gaeilge.  Eagrófar cainteoirí le teacht isteach chun labhairt leis an bhfoireann agus cuirfear ceardlann damhsa/amhránaíochta/ceoil ar fáil.	<b>1</b>  <b>1</b>
Grúpa Cultúrtha	Tabharfaidh an Institiuid tacaíocht d'aon bhaill foirne sa ghrúpa seo a bhíonn ag iarraidh freastal ar imeachtaí idir dhrámaí, cheolchoirmeacha agus fhéilte a chuireann an Ghaeilge agus an Cultúr Gaelach chun cinn. Beidh deis ag foireann na hInstitiúide freastal ar ócáidí chun a gcuid Gaeilge a úsáid agus a chleachtadh, mar shampla, i gClub an Chonartha, ag Oireachtas na Samhna, ag Féile na Mí agus araile.	<b>3</b>
Foirmeacha	Cuirfear na foirmeacha seo a leanas ar fáil sa dá theanga don fhoireann: Iarratas Oifigiúil na hOifige Cóiríochta; an Fhoirm Phearsanra; an Fhoirm Chostas.	<b>1</b>
Ríomhphoist	Beidh tacaíocht ar fáil do bhaill foirne	<b>1</b>

	<p>chun a dteidil a aistriú lena n-úsáid i sínithe ríomhphoist agus ar cártaí gnó, más gá.</p> <p>Déanfar iniúchadh ar an bhféidearthacht a bhaineann le baill foirne a chumasú chun a gcumas Gaeilge a chur in iúl ina síniú ríomhphoist, más mian leo é sin a dhéanamh.</p>	<b>1</b>
Foilseacháin	Cártaí aitheantais do bhaill foirne le bheith ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.	<b>1</b>
An Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge	Tá na sonraí a bhaineann leis an gcomhthuisicint agus dea-chleachtas leagtha amach thíos.	<b>Meán Fómhair 2019</b>

i. Seirbhísí don Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge don fhoireann

<b>Cúlra</b>	<b>Anseo thíos comhthuisicintí agus dea-chleachtais do léachtóirí ar an mBaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge, agus do mhic léinn a bheidh ar an gcéim agus ag múineadh trí mheán na Gaeilge.</b>
<b>Comhthuisicintí agus Dea-Chleachtais</b>	Múineann léachtóirí / mic léinn go hiomlán trí mheán na Gaeilge (is í an Ghaeilge meán an teagaisc agus na foghlama); is léachtóirí / múinteoirí ábhair agus teanga iad rud a chiallaíonn go ndéanann siad pleanáil do mhúineadh an ábhair agus do mhúineadh na teanga agus go leagann siad cuspóirí ábhair agus teanga amach; múineann siad téarmaíocht / teanga go hoscailte i ngach léacht / ceacht agus déanann siad a ndícheall cothromaíocht a bhaint amach idir múineadh an ábhair agus múineadh na teanga; déanann siad idirdhealú do chainteoirí dúchais agus d'inniúlachtaí foghlama agus teanga na mac léinn / na bpáistí; cruthaíonn siad tascanna a éascaíonn múineadh na teanga agus múineadh an ábhair; tapaíonn siad deiseanna foirmiúla agus neamhfhoirmiúla chun teanga na mac léinn a shaibhriú agus chun feasacht teanga agus cultúir a

	<p>chothú; déanann siad measúnú ar an ábhar agus ar an teanga; tugann siad aischothú do mhic léinn / pháistí faoin ábhar agus faoin teanga; déanann siad machnamh agus meastóireacht ar na cuspóirí a bhain siad amach maidir le hábhar agus le teanga.</p> <p>Chomh maith leis sin, maidir le Gaeilge chruinn bíonn siad eiseamláireach, agus seiceálann siad an teanga ina gcuid nótaí agus ina gcuir i láthair. Lorgaíonn siad cabhair le profáil na teanga más gá. Baineann siad úsáid as na tacaíochtaí a chuireann an Institiúid ar fáil ach ní lorgaíonn siad seirbhís aistriúcháin iomlán. Cothaíonn siad cruinnscríobh agus cruinnlabhairt na Gaeilge i ngach léacht / ceacht.</p> <p>Spreagann siad na mic léinn chun cur lena bhFillteán Foghlama Teanga; úsáideann léachtóirí / mic léinn acmhainní i nGaeilge chomh fada agus is féidir ina gcuid léachtaí / ceachtanna agus ar líne; cruthaíonn siad timpeallacht foghlama Lán-Ghaeilge agus cuireann léachtóirí na mic léinn ar an eolas faoi acmhainní agus faoi théacsleabhair i nGaeilge dá n-ábhar. Is féidir le léachtóirí litríocht idirnáisiúnta (téacsanna i mBéarla san áireamh) a mholadh ar liostaí léitheoireachta.</p> <p>Tugann léachtóirí straitéisí do mhic léinn do shuíomhanna ilghráid / ilranga agus bíonn Gaeilge ag aon chuariteoirí nó aoiléachtóirí a fhaigheann cuireadh chuig a gcuid léachtaí / ceachtanna. Bíonn tuiscint theoriciúil agus phraiticiúil ag léachtóirí agus ag mic léinn ar FCÁT agus ar an tumoideachas agus bíonn cur amach acu ar na hait agus na leabhair atá ar an Shared File: ‘Téacsanna Lárnacha don Bhaitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge’.</p> <p>Cuireann léachtóirí agus mic léinn araon lena bhforbairt ghairmiúil sa teanga, san ábhar, i bhFCÁT (CLIL) agus sa tumoideachas agus foilsíonn léachtóirí taighde trí mheán na Gaeilge. Labhraíonn léachtóirí/mic léinn leis an bhfoireann as Gaeilge chomh fada agus is féidir agus glacann siad páirt i bpobal Gaeilge Institiúid Oideachais Marino / na scoile.</p>
<p><b>Tagairtí:</b></p>	<ul style="list-style-type: none"> <li>• An Roinn Oideachais agus Scoileanna (2018). <i>Dréacht-Treoir Do Bhunscoileanna Gaeltachta: Tumoideachas: Táscairí Dea-Chleachtais</i>. An tAonad um Oideachas Gaeltachta: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag:</li> <li>• <a href="https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1l%20cha-Oideachais/tascairi-dea-chleachtais-don-tumoideachas-dreacht-treoir-do-bhunscoileanna-gaeltachta.pdf">https://www.education.ie/ga/Foilseach%C3%A1in/Tuarasc%C3%A1l%20cha-Oideachais/tascairi-dea-chleachtais-don-tumoideachas-dreacht-treoir-do-bhunscoileanna-gaeltachta.pdf</a></li> <li>• Institiúid Oideachais Marino (2018). <i>Initial Teacher Education: Pro Forma (Baitsiléir san Oideachas Trí Mheán na Gaeilge)</i>. Curtha faoi bhráid Na Comhairle Múinteoireachta, 2018. Lch, 16 (D’achóimre ar</li> </ul>

	<p>an téama: “Teacher as Expert Irish-Language-Immersion Practitioner”)</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>Ó Ceallaigh, T.J., Hourigan, M. &amp; Leavy, A. (2018). Developing potentiality: pre-service elementary teachers as learners of language immersion teaching. <i>International Journal of Bilingual Education and Bilingualism</i>. Ar fáil ag: <a href="https://doi.org/10.1080/13670050.2018.1489779">https://doi.org/10.1080/13670050.2018.1489779</a></li> <li>Ó Ceallaigh, T.J. &amp; Ní Shéaghdha, A. (2017). <i>I dTreo Barr Feabhais Dea-Chleachtais San Oideachas Lán-Ghaeilge</i>. Gaeloideachas agus COGG: Baile Átha Cliath. Ar fáil ag: <a href="https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Crit%C3%A9ir-aitheantais-cu%C3%AD-um-dhearbh%C3%BA-c%C3%A1il%C3%ADochta-agus-dea-chleachtais-do-bhunscoileanna-agus-iarbhunscoileanna-%C3%A1n-Ghaeilge-ar-bhonn-uile-%C3%89ireann.pdf">https://www.cogg.ie/wp-content/uploads/Crit%C3%A9ir-aitheantais-cu%C3%AD-um-dhearbh%C3%BA-c%C3%A1il%C3%ADochta-agus-dea-chleachtais-do-bhunscoileanna-agus-iarbhunscoileanna-%C3%A1n-Ghaeilge-ar-bhonn-uile-%C3%89ireann.pdf</a></li> </ul>
--	---

#### 4.3. Seirbhísí a fheabhsú do Mhic Léinn na hInstitiúide

Seirbhísí do Mhic Léinn	Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh Bhl.1/ Bhl. 2/ Bhl. 3
Oireachtas na Samhna	Cuirfidh IOM liúntas taistil agus lóistín ar fáil (suas go deichniúr mac léinn) chun freastal ar Oireachtas na Samhna.	<b>1</b>
Maidin Chaifé	Cuirfear tae agus brioscaí saor in aisce ar fáil sa seomra aitheanta i Spás na Mac Léinn uair sa tseachtain idir 10.50 agus 11.30 r.n. An t-aon choinníoll a bhainfidh leis seo ná gur gá Gaeilge a labhairt agus an t-imeacht ar bun.	<b>1</b>

Caint agus Ceardlann	<p>Ceardlann Ghaeilge a chur ar fáil i rith Sheachtain na Gaeilge.</p> <p>Eagrófar cainteoirí le teacht isteach chun labhairt leis na mic léinn, mar shampla, duine éigin ó cheann de na heagraíochtaí seo a leanas: Foras na Gaeilge, Club Chonradh na Gaeilge. Cuirfear ceardlann damhsa/amhránaíochta/ceoil ar fáil le haoi speisialta.</p>	<p><b>1</b></p> <p><b>1</b></p>
Foilseacháin	<p>Cártaí aitheantais do na mic léinn le bheith ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla.</p> <p>Leagan Gaeilge de Lámhleabhar na Mac Léinn a chur ar fáil.</p>	<b>1</b>
Seirbhís Tacaíochta CV	<p>Cuirfidh an Institiúid seirbhís tacaíochta CV ar fáil ar a suíomh idirlín i dtaobh poist mhúinteoireachta san earnáil Lán-Ghaeilge agus i dtaobh gairmeacha le Gaeilge i gcoitinne le comhairle phraiticiúil ar an tslí le CV a ullmhú i nGaeilge chomh maith le cabhair chun litreacha clúdaigh a chumadh d'iarratais ar phoist.</p>	<b>2</b>
Cúrsa ionductaithe don Ghaeilge do Mhic Léinn	<p>Mar chuid den chúrsa ionductaithe, tabharfar eolas ar 'An Ghaeilge san Institiúid' do mhic léinn, lena n-áirítear eolas ar ranganna, imeachtaí agus Cumann Gaelach na hInstitiúide.</p>	<b>1</b>

4.4. Seirbhísí a fheabhsú do Mhic Léinn agus Foireann na hInstitiúide

Seirbhísí Tacaíochta	Gealltanais	Amlíne Faoi dheireadh Bhl.1/ Bhl. 2/ Bhl. 3
	Cothófar an caidreamh idir Aontas na Mac Léinn, An Cumann Gaelach agus Rannóg na Gaeilge.	<b>1</b>
	Beidh ionadaí as Aontas na Mac Léinn ar Choiste Gaeilge na hInstitiúide.	<b>1</b>
	Cuirfear tacaíocht ar fáil don ‘mhaidin chaife’ a bheidh sa seomra aitheanta i Spás na Mac Léinn uair sa tseachtain.	<b>2</b>
	Cuirfear imeachtaí / gníomhaíochtaí cultúrtha Gaeilge ar fáil do phobal na hInstitiúide.	<b>3</b>

## 5. Caibidil 5: Ag feabhsú inniúlachta sa Ghaeilge

### 5.1. Earcaíocht

Cuirfear paca ionductaithe ar fáil don fhoireann ar fad agus do bhaill foirne nua go háirithe, paca ina mbeidh Scéim Teanga na hInstitiúide/Acht na dTeangacha Oifigiúla lena chinntiú go dtuigeann siad na gealltanais a bhaineann leis an Scéim Teanga. Cuirfear ceardlann ar fáil do na rannóga éagsúla ina mbeidh deis ag baill na rannóg labhairt, an Scéim a phlé agus an tábhacht a bhaineann le rath na Scéime a fheiceáil.

### 5.2. Oiliúint agus Forbairt

Geallann Institiúid Oideachais Marino deiseanna a chur ar fáil don fhoireann chun freastal ar chúrsaí Gaeilge agus deis chun tabhairt faoi cháilíocht sa Ghaeilge. Cuirfear an fhoireann ar fad ar an eolas faoi áiseanna/faoi dheiseanna chun a gcumas Gaeilge a fheabhsú.

### 5.3. Gealltanais a bheith críochnaithe roimh dheireadh thréimhse na Scéime:

**Cuirfidh Institiúid Oideachais Marino na gníomhartha ar an liosta seo a leanas i gcrích roimh dheireadh na Scéime:**

- |  |
|--|
| <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Cuirfear oiliúint i bhfeasacht teanga ar fáil don fhoireann.</li> </ul>   |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Beidh ranganna Gaeilge ar fáil don fhoireann i gcónaí.</li> </ul>   |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Imeachtaí a eagrú don fhoireann agus do na mic léinn chun an Ghaeilge agus an cultúr Gaelach a chur chun cinn san Institiúid.</li> </ul>                        |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Maidin Chaife a bheith ar bun uair sa tseachtain do na mic léinn</li> </ul>   |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Liúntas taistil agus lóistín ar fáil (suas go deichniúr) mac léinn chun freastal ar Oireachtas na Samhna.</li> </ul>  |
| <ul style="list-style-type: none"> <li>▪ Oíche Chultúrtha a chur ar bun chuile bhliain ag deireadh Mhí Mheán Fómhair do mhic léinn, don fhoireann agus do phobal na hInstitiúide i gcoitinne.</li> </ul> |

## **6. Caibidil 6: Monatóireacht agus athbhreithniú**

Is í an tOifigeach Gaeilge atá freagrach as Scéim Teanga na hInstitiúide in éindí le Coiste Gaeilge na hInstitiúide a bhúnofar le linn an Scéime seo.

Beidh Coiste na Gaeilge freagrach as comhairle agus moltaí a thabhairt maidir le forbairt agus cur chun cinn na Gaeilge san Institiúid. Casfaidh an Coiste Gaeilge le chéile uair sa mhí chun dul chun cinn na Scéime agus aon leasuithe a phlé.

Déanfaidh an tOifigeach Gaeilge monatóireacht agus athbhreithniú rialta ar chur i bhfeidhm na Scéime agus beidh tuairisciú bliantúil ar fáil faoin dul chun cinn atá á dheanamh ag an Institiúid ó thaobh na Scéime Teanga.

Na Cinn Ranna agus Stiúrthóir an Ionaid Chomhdhála go príomha a bheidh freagrach as an Scéim a chur i bhfeidhm ina réimsí féin agus deanfaidh siad monatóireacht uirthi go rialta, le cúnamh ón Oifigeach Gaeilge.



## 7. Caibidil 7: Poibliú na Scéime Comhaontaithe

Déanfar poibliú inmheánach agus seachtrach ar an scéim seo. Cuirfear leagan dátheangach den scéim ar fáil ar shuíomh gréasáin na hInstitiúide agus cuirfear ar fáil í do gach ball foirne agus do na gníomhaireachtaí cuí.

Chomh maith leis sin, déanfar na seirbhísí Gaeilge a chuirtear ar fáil a chur chun cinn agus a a phoibliú ar na bealaí seo a leanas:

- mic léinn, baill foirne agus baill den phobal a chur ar an eolas go díreach, maidir leis an rogha atá acu gnó a dhéanamh linn i nGaeilge trí fhógraí a chur ar taispeánt ag an bhFáiltiú a luann na seirbhísí Gaeilge atá ar fáil
- na seirbhísí Gaeilge a liostú ar leathanach ‘Gaeilge in Institiúid Oideachais Marino’ ar shuíomh na hInstitiúide

Cuirfear cóip den scéim chomhaontaithe ar aghaidh chuig Oifig an Choimisinéara Teanga.

Is é an leagan Gaeilge an bunleagan den scéim seo.